Samplaí de Ghrádú agus an Grád is Airde a bhaint amach ó Dhá Chonair

Is daltaí Bhliain 12 iad Ailís agus Stiofán atá ag ullmhú dá scrúduithe Stair GCSE i Samhradh 2022.

Tá dhá aonad ag Stair GCSE. Déantar Aonad 1 a ghrádú as 120 marc aonfhoirmeach, agus déantar Aonad 2 a ghrádú as 80 marc aonfhoirmeach.

Do Shamhradh 2022, tá sé ráite ag CCEA go bhfuil an rogha ag daltaí Stair GCSE **Aonad 2** a fhágáil ar lár.

Ailís

Roghnaigh Ailís Aonad 2 a fhágáil ar lár. Ciallaíonn sin:

- Go dteagascfar an tsonraíocht iomlán Stair GCSE di, a chlúdaíonn gach topaic agus a fhorbraíonn gach scil riachtanach don dá aonad.
- Nach ndéanfaidh sí ach an scrúdú d'Aonad 1.

Beidh grád foriomlán Ailíse bunaithe ar an fheidhmíocht s'aici in Aonad 1.

Ailís: Stair GCSE		
Aonad	Marcanna Aonfhoirmeacha Bainte Amach	Grád
Aonad 1	92 as 120	B

Stiofán

Roghnaigh Stiofán na scrúduithe uilig a dhéanamh; ní fhágfaidh sé Aonad 2 ar lár. Ciallaíonn sin:

- Go dteagascfar an tsonraíocht iomlán Stair GCSE dó, a chlúdaíonn gach topaic agus a fhorbraíonn gach scil riachtanach don dá aonad.
- Go ndéanfaidh sé na scrúduithe d'Aonad 1 agus d'Aonad 2 araon.

Le cinntiú nach bhfuil Stiofán thíos leis mar gheall ar a chinneadh leis na haonaid uilig a dhéanamh, cuirfidh CCEA an grád a bhaineann Stiofán amach i ndiaidh dó Aonaid 1 agus 2 a shuí **i gcomparáid** leis an ghrád a bhainfeadh sé amach dá **bhfágfadh** sé Aonad 2 **ar lár**.

Bronnfaidh CCEA cé acu den dá ghrád seo is airde ar Stiofán:

Stiofán: Stair GCSE (grádaithe ar dhá aonad)			
Aonad	Marcanna Aonfhoirmeacha Bainte Amach	Marc Iomlán Aonfhoirmeach	Grád
Aonad 1	96 as 120	136 as 200	C*
Aonad 2	40 as 80		

Stiofán: Stair GCSE (grádaithe ar aonad amháin)			
Aonad	Marcanna Aonfhoirmeacha Bainte Amach	Marc Iomlán Aonfhoirmeach	Grád
Aonad 1	96 as 120	96 as 120	A

Bronnann CCEA an grád is airde den dá ghrád, mar sin faigheann Stiofán grád A.